

An Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh 2026 – Fógra Priobháideachais

An Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh agus do shonraí pearsanta

Tá an Fógra Priobháideachais seo eisithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair leis an seoladh Teach Mhargadh an Fhéir, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7, D07 CF98 (“ÚNI”, “muid”, “sinn”, “ár”). Tá an Ipsos B&A, mar phróiseálaí sonraí, coimisiúnaithe ag an Údarás Náisiúnta, mar rialaitheoir sonraí chun an Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh 2026 (NHTS 2026) a dhéanamh, ar staidéar náisiúnta é ar nósanna taistil na hÉireann. Is é cuspóir an fhógra seo a chur in iúl duit cé muid féin (an ÚNI), cad iad na sonraí pearsanta a bhailímid agus a úsáidimid don NHTS, an chaoi a n-úsáidimid iad, cé leis a chomhroinnimid iad agus do chearta dlíthiúla.

Cad is ann an tÚdarás Náisiúnta Iompair ann?

Is comhlacht reachtúil neamhthráchtála é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) atá faoi stiúir/atá á mhaoiniú ag/atá á threorú ag an Roinn Iompair. Cuireadh ar bun é faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008.

Cad is Ipsos B&A ann?

Is cuid de ghrúpa cuideachtaí domhanda é Ipsos B&A agus is ball den Market Research Society é. Mar sin, cloíonn Ipsos B&A le cód iompair an Market Research Society agus rialacháin agus treoirínte atá bainteach leis.

Cén cineál sonraí pearsanta a bhailíonn agus a phróiseálann an ÚNI?

Thar ceann an ÚNI, baileoidh agus próiseálfaidh Ipsos B&A do shonraí pearsanta faoi do nósanna teaghlaigh agus taistil. I measc na sonraí pearsanta seo, tá:

Fút féin

- Aoisghrúpa
- Ainm
- Sonraí Teagmhála
- Do ghnéas nuair a rugadh tú
- Inscne
- Tír bhreithe
- Do phríomhstádas eacnamaíoch

Maidir le do theaghlach

- Comhdhéanamh teaghlaigh
- Ioncam teaghlaigh
- Gairm an duine a bhfuil an ioncam is airde acu
- Cineál áitribh

- An méid ama a bhfuil cónaí ort ann

Maidir le hobair agus le hoideachas

- Suíomh oibre
- Suíomh scoile nó ollscoile
- Patrúin oibre

Maidir le taisteal

- Modh taistil
- Cuspóir an turais
- Amanna taistil
- Faisnéis pháirceála

Cad é bonn dlíthiúil an ÚNI maidir le do shonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil?

Tá Ipsos B&A, an próiseálaí sonraí, ceaptha ag an ÚNI, mar rialaitheoir sonraí, chun na sonraí a phróiseáil thar a cheann. Tá an bunús dlí le haghaidh phróiseáil na sonraí a dhéanaimid leagtha amach in Airteagal 6(1)(e) RGCS (Tasc Poiblí) agus Ailt 11, 72, agus 73 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Tá toiliú tuismitheora/caomhnóra ag teastáil chun páirt a ghlacadh sa suirbhé i gcás ina bhfuil leanbh faoi bhun 16 bliana d'aois. Tacaíonn an NHTS le Beartas an Rialtais mar atá leagtha amach i Sprioc 8 – Gníomh 69 de Phlean Gníomhaíochta an Bheartais um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe 2022-2025 de chuid Rialtas na hÉireann.

Cén chaoi a n-úsáidfídh an ÚNI aon sonraí pearsanta, lena n-áirítear freagraí suirbhé a sholáthraíonn tú?

Déanfaidh agallóirí Ipsos B&A teagmháil randamach le do theaghlach ar an teileafón trí dialliú randamacha digití. Ní bhfaighidh tú an suirbhé sa phost ach amháin má aontaíonn tú go nglacfaidh do theaghlach páirt. Is deonach an rannpháirtíocht sa staidéar seo. Is féidir leat diúltú páirt a ghlacadh nuair a dhéantar teagmháil leat nó tráth ar bith sula seoltar na foirmeacha suirbhé líonta amach ar ais chuig Ipsos B&A sa phost. Coinneoidh an ÚNI do shonraí pearsanta agus d'fhreagraí faoi rún daingean i gcomhréir leis an bhFógra Príobháideachais seo. Ní úsáidfídh an ÚNI do shonraí pearsanta agus d'fhreagraí suirbhé ach amháin chun críocha taighde agus chun torthaí staitistiúla anaithnide a tháirgeadh. Is féidir leis an ÚNI a dhearbhu duit NACH mbeidh tú inaitheanta in aon torthaí a fhoilseofar.

Conas a chinnteoidh an ÚNI go bhfuil mo chuid faisnéise pearsanta slán?

Glacann an ÚNI slándáil faisnéise i ndáiríre agus úsáideann sé bearta éagsúla chun d'fhaisnéis a chosaint ar chaillteanas, ar ghoid nó ar mhí-úsáid. I measc na mbeart slándála, tá oifigí agus rochtain rialaithe theoranta ar chórais ríomhaireachta. Criptítear do chuid faisnéise pearsanta go slán nuair a aistrítear chuig na freastalaithe í agus í á stóráil ar na freastalaithe.

Cá fhad a choinneoidh an ÚNI mo shonraí pearsanta agus m'fhreagraí inaitheanta?

Ní choinneoimid do shonraí inaitheanta ach chomh fada agus is gá chun tacú leis an tionscadal taighde agus a thorthaí. Nuair a bheidh tuairisc déanta ar thorthaí taighde anaithnide agus na tacair sonraí glanta, bainfear do shonraí pearsanta aitheantais as córais Ipsos B&A. Maidir leis an tionscadal seo, bainfidh Ipsos B&A do shonraí pearsanta óna chórais ar bhealach atá slán faoi Mheán Fómhair 2027.

Cá háit a choinneofar agus a phróiseáilfear mo shonraí pearsanta?

Stórálfaidh Ipsos B&A na suirbhéanna páipéir a úsáidtear chun faisnéis do theaghlaigh a bhailiú go slán agus scriosfar iad a luaithe a bheidh an fhaisnéis aistrithe chuig a bhfreastalaithe.

Stórálfaidh Ipsos B&A na sonraí pearsanta uile a bhailítear agus a úsáidtear don suirbhé seo in ionaid sonraí agus ar fhreastalaithe in Éirinn agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Déantar é sin i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

An chaoi a bhféadfaí sonraí suirbhé anaithnide a úsáid i dtaighde amach anseo

Féadfaidh an ÚNI sonraí anaithnide NHTS a chomhroinnt le comhpháirtithe taighde, le comhairleoirí iompair agus le baill foirne ó eagraíochtaí eile chun críocha tuilleadh anailíse nó taighde.

Cad iad na cearta atá agam?

Ní bhaineann cuid de na cearta seo ach i gcúinsí áirithe agus dá bhrí sin ní cearta ráthaithe ná daingne iad.

An ceart chun rochtain a fháil ar shonraí – Tá an ceart agat rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta go dtí go ndéanfar iad a anaithnidiú.

An ceart chun srian a chur ar phróiseáil nó chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála – Tá sé de cheart agat gan freagra a thabhairt ar aon cheist sa suirbhé.

An ceart go ndéanfaí léirscriosadh – Tá sé de cheart agat iarraidh orainn aon sonraí pearsanta atá againn fút a léirscriosadh go dtí go ndéanfar iad a anaithnidiú. Uaireanta tugtar an ceart chun ligean i ndearmad a dhéanamh air sin.

An ceart go ndéanfaí ceartúcháin – Tá sé de cheart agat freisin aon sonraí pearsanta míchearta nó atá as dáta atá againn fút a cheartú go dtí go ndéanfar iad a anaithnidiú.

Tá sé de cheart agat gearán a chur isteach chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí má tá imní ort faoin gcaoi ar phróiseáilamar do shonraí pearsanta. Is féidir leat sonraí a fháil faoin gcaoi chun teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí

ag <https://dataprotection.ie/> nó trí ríomhphost a sheoladh chuig:
info@dataprotection.ie

Conas is féidir liom teagmháil a dhéanamh leis an ÚNI faoin suirbhé seo agus/nó faoi mo shonraí pearsanta?

Más mian leat do chearta a fheidhmiú, déan teagmháil linn ag an seoladh ríomhphoist ÚNI thíos.

Déan teagmháil leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) ar na bealaí seo a leanas:
Ríomhphost: privacy@nationaltransport.ie agus “Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh” i líne ábhair an ríomhphoist.

Post: An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Teach Mhargadh an Fhéir
Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7
D07 CF98